
FOGHLAIM

# AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## Conas comhpháirtithe a chuardach



**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR


Rannpháirtíocht na saoránach i mbeartais an Aontais Eorpaigh a chothú 3

An grúpa d’eagraithe 4

Comhpháirtithe chun tacú leis an ngrúpa d’eagraithe agus leis an bhfeachtas 5

Foinsí eile chun comhpháirtithe a lorg 7

Do chomhpháirtithe a choinneáil spreagtha agus páirteach 8



# 1 Rannpháirtíocht na saoránach i mbeartais an Aontais Eorpaigh a chothú

Tá an ceart ag saoránaigh an Aontais a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais Eorpaigh. Tá go leor bealaí ann inar féidir le hEorpaigh an ceart seo a chleachtadh (m.sh. achainí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí, dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach). Mar sin féin, is uirlis ar leith é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh atá ar fáil do shaoránaigh chun clár oibre institiúidí an Aontais Eorpaigh a shocrú.

Más amhlaidh go mbíonn saoránaigh atá eagraithe ina ngrúpa d'eagraithe in ann 1 mhilliún síniú a bhailiú ó 7 mBallstát ar a laghad laistigh de 12 mhí, féadfaidh siad iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, faoi chuimsiú a chumhachtaí (féach an nóta treorach **Conas Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a dhréachtú**), reachtaíocht a mholadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin bpróiseas, féach an nóta treorach **Céimeanna sa phróiseas**.

Sa nóta treorach seo tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le comhghuaillíocht láidir comhpháirtithe a thógáil trí acmhainní a thabhairt is féidir le heagraithe a úsáid, chomh maith le noda agus leideanna a chabhróidh leo na comhpháirtithe cuí a aimsiú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin bhfeachtas, féach an nóta treorach **Conas dul i mbun feachtais**.

## Scéal ratha

D'éirigh leis an tionscnamh Stop Vivisection breis agus 1 mhilliún síniú a bhailiú a bhuí le tacaíocht ó mhórghrúpa uile-Aontais ina raibh breis agus 250 grúpa cosanta ainmhithe, eagraíochtaí eolaíochta agus cuideachtaí a dhíolann táirgí nach bhfuil cruálach ar ainmhithe.



# 2 An grúpa d’eagraithe

Ní mór seachtar saoránach den Aontas Eorpach ar a laghad a bheith sa ghrúpa d’eagraithe atá sean go leor le vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa agus atá ina gcónaí i seacht mBallstát éagsúla ar a laghad (ní hé náisiúntacht na ndaoine atá tábhachtach, ach a n-áit chónaithe).

Ainmneofar teagmhálaithe – ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin – chun labhairt leis an gCoimisiún thar ceann an choiste agus chun gníomhú ar a shon. Féadfaidh an grúpa d’eagraithe beirt nó níos mó as baill an ghrúpa a ainmniú chun gníomhú ar son an teagmhálaí ar eagla nach mbíonn fáil air. Is féidir freisin eintiteas dlíthiúil a chruthú a bheidh ina ionadaí ar an ngrúpa d’eagraithe. Ach eintiteas dlíthiúil a chruthú, cuirfear teorainn le dliteanas bhaill an ghrúpa d’eagraithe. Cuirfidh sé freisin le hinfheictheacht an tionscnaimh. Ní mór an t-eintiteas dlíthiúil seo a chruthú i gcomhréir le rialacha Ballstáit, áfach. An dúshlán a bheidh i gceist ansin foirm dlí agus reachtaíocht na tíre is oiriúnaí maidir le riachtanais an tionscnaimh agus an ghrúpa d’eagraithe a roghnú.

## Leideanna

- Bain úsáid as an rannóg CONNECT ar Fhóram an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.
- Roghnaigh daoine iontaofa a bhfuil taithí acu le bheith ina mbaill den ghrúpa d’eagraithe.
- Úsáid na heagraíochtaí comhpháirtíochta atá agat chun teacht ar na hurlabhraithe is fearr don tionscnamh.



# 3 Comhpháirtithe chun tacú leis an ngrúpa d'eagraithe agus leis an bhfeachtas

Is iad comhpháirtithe an tionscnaimh na daoine aonair agus na heagraíochtaí éagsúla a dhéanfaidh do chuid teachtaireachtaí a scaipeadh agus a mhéadú chun cabhrú leat feasacht faoin bhfeachtas a ardú agus dul i gcion ar dhaoine na ráitis tacaíochta a shíniú.

Cé go mbeidh dlúthnaisc cheana féin ag na heagraithe le roinnt acu, beidh gá cinn eile a earcú. Chuige sin, ba cheart don ghrúpa d'eagraithe liosta cuimsitheach a thiomsú de na tacadóirí féideartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach sna catagóirí seo a leanas:

- **idirghabhálaithe** – eagraíochtaí ballraíochta a bhfuil bá acu le hábhar an tionscnaimh amhail ceardchumainn, ENRanna, comhlachais, etc.
- **urraí** – seans go mbeidh idirghabhálaithe áirithe sásta tacú leis an bhfeachtas (trí chistí nó trí thacaíocht comhchineáil a thabhairt); seans gur cheart duit do mhachnamh a dhéanamh ar iarratas a chur chuig na fondúireachtaí carthanachta ábhartha
- **lucht imeartha tionchair** – má tá polaiteoirí, iriseoirí agus daoine 'mór le rá' sásta tacaíocht a thabhairt don tionscnamh atá agat, is féidir go gcabhróidh sin chun borradh a chur faoin mbailiú sínithe agus an scéala faoin tionscnamh a scaipeadh i measc an phobail ag an am céanna
- **oibrithe deonacha** – na pobail ar líne a leanann eagraithe agus eagraíochtaí comhpháirteacha nó a úsáideann haischlibeanna a bhaineann le hábhar, is foinse thábhachtach iad chun teacht ar oibrithe deonacha atá sásta teachtaireachtaí an fheachtais a thabhairt leo chuig na pobail sin, ar líne agus as líne, agus chun sínithe a bhailiú.

Seo thíos roinnt de na céimeanna is ceart duit a thabhairt agus tú ag dul i dteagmháil le comhpháirtí féideartha:

1. Cuardaigh eagraíochtaí i mBallstáit eile a bhfuil na spéiseanna céanna acu agus atá agatsa.
2. Eagraigh cruinniú/glaoch chomh luath agus is féidir.
3. Mínigh do thionscnamh, na bealaí éagsúla a d'fhéadfadh an comhpháirtí féideartha cur leis agus an tairbhe a d'fhéadfadh sé a bhaint as. Cabhróidh sé seo le cur ina luí ar an gcomhpháirtí féideartha a bheith páirteach agus gníomhach sa tionscnamh
4. Má bhíonn comhpháirtithe féideartha sásta tacú le do thionscnamh, ní mór na róil a bhaineann leis agus a bhfuil tú ag súil leis a shainiú go soiléir.
5. Mura bhfuil siad toilteanach cuidiú, iarr orthu daoine nó eagraíochtaí eile a mholadh a d'fhéadfadh suim a bheith acu ann.

## Scéal ratha

Thug idir an Pápa Proinsias agus an Pápa Beinidict XVI tacaíocht phoiblí don tionscnamh Uno di noi (Duine dínne).

# Leideanna


- Iarr ar an líon is mó agus is féidir comhpháirtithe litreacha foirmiúla tacaíochta a thabhairt. Le chéile, cruthóidh siad éiceachóras chun teachtaireachtaí an fheachtais a chomhroinnt agus a scaipeadh.
- Is minic a bhíonn acmhainní sách maith ag ENRanna agus comhlachais Eorpacha agus a bhíonn córais agus líonraí cumarsáide dea-fhorbartha acu. Bain úsáid astu.
- Bíonn líonraí maithe ag Feisirí Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus seans go gcabhróidh siad chun doirse a oscailt duit. Téigh i dteagmháil leo!
- Bain úsáid as na líonraí teagmhálaithe atá agat féin mar bhealach breise chun comhpháirtithe a aimsiú: do theaghlach, cairde, lucht aitheantais, comharsana, comhghleacaithe san obair, scoil nó ollscoil.
- Trí úsáid ghníomhach a bhaint as na meáin shóisialta (Twitter, Facebook, Instagram, LinkedIn etc.) d'fhéadfaí cur leis an líon deiseanna chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe féideartha.
- Dírigh an feachtas ar thíortha ina bhfuil eolas maith ag na saoránaigh ar ábhar an tionscnaimh cheana féin.
- Beidh cúiseanna éagsúla ag na comhpháirtithe chun tacaíocht a thabhairt don tionscnamh, mar sin déan cinnte go bhfuil comhleas i gcoiteann acu go léir: go mbeidh rath ar do thionscnamh!

Aimsigh comhpháirtithe sula seolfaidh tú do thionscnamh! Tá an feachtas ar an mbóthar ceart más féidir a rá go bhfuil do chomhpháirtithe...

- líonmhar
- éagsúil
- réamhghníomhach
- scaipthe ar fud an Aontais Eorpaigh.

## Scéal ratha

Tar éis an tionscnamh Right2Water a bheith mínithe i sceitse a craoladh mar chuid de chlár príomh-ama sa Ghearmáin, bailíodh thart ar 200,000 síniú sna laethanta ina dhiaidh!



# 4
# Foinsí eile chun comhpháirtithe a lorg

## Clár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh

Is clár deonach é an Clár Trédhearcachta a chlúdaíonn eagraíochtaí a dhéanann iarracht tionchar a imirt ar cheapadh beartas an Aontais agus ar institiúidí an Aontais.

Idir ghnólachtaí príobháideacha, chomhlachais tionscail, sheirbhísí comhairleachta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, ghníomhaireachtaí, mheithleacha machnaimh, institiúidí taighde agus acadúla agus bardais, is féidir teacht ar eagraíochtaí de gach cineál sa bhunachar sonraí seo. Tá thart ar 12,000 cláraithe ann a chomhroinneann faisnéis a bhaineann lena suíomhanna gréasáin, sonraí teagmhála, spriocanna, gníomhaíochtaí sonracha, baill foirne, buiséad agus réimsí spéiseanna.




Is féidir cuardach ginearálta a dhéanamh ach eochairfhocail amhail ‘comhshaol’, ‘cosaint sonraí’, ‘trádáil’, ‘tomhaltóirí’, ‘an óige’, ‘iompar’ nó ‘cánachas’ a iontráil. Is féidir cuardach níos mionsonraithe a dhéanamh freisin faoin gcluaisín ‘Data reporting’. Ón mbarr anuas, is iad na catagóirí cuardaigh ná rannóg nó cineál eagraíochta, ansin suíomh, leibhéal spéise (Eorpach, domhanda, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil), réimsí spéiseanna, etc.

Suíomhanna gréasáin úsáideacha eile chun comhpháirtithe a aimsiú:

- Tá eolas ar Ngonorway.org – Comhpháirtithe a chuardach maidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i 16 Bhallstát éagsúla.
- Is féidir NGOPartnership.org a úsáid chun comhpháirtithe ar ENRanna iad a aimsiú ar fud na hEorpa.
- Is líonra idirnáisiúnta TFC é Ideal-ist Partner Search .

# 5
# Do chomhpháirtithe a choinneáil spreagtha agus páirteach

Agus líon mór comhpháirtithe bailithe le chéile agat, ba cheart duit na dálaí cuí a chruthú chun go bhféadfaidh sibh oibriú le chéile agus chun go mbeidh do chomhpháirtithe spreagtha ar feadh an fheachtais. Chuige sin, ba cheart duit:

- Tacar coiteann luachanna a chruthú chun dul i bhfeidhm ar shaoránaigh;
- Cuspóirí atá soiléir agus réalaíoch a leagan síos agus spriocanna do gach uile chomhpháirtí a shainiú le linn an fheachtais;
- Meon pobail a spreagadh trí chruinnithe rialta a eagrú ar líne agus, más féidir, cruinnithe duine ar dhuine a eagrú;
- Do chomhpháirtithe a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh agus aiseolas dearfach a chur ar fáil nuair a bhaintear cuspóirí amach d'fhonn ardmheanma a choinneáil.

## Scéal ratha

Chuir eagraithe Ban glyphosate liosta le chéile de na heagraíochtaí náisiúnta ar fad a bhí toilteanach páirt a ghlacadh san fheachtas agus d'oibrigh siad ar bhonn aonair leo.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na bealaí a d'úsáid na cúig thionscnamh ar éirigh leo chun comhpháirtithe a aimsiú, féach na bileoga eolais faoi na scéalta ratha:

- Uno di noi (Duine dínne)
- Right2Water
- Ban glyphosate
- Stop vivisection
- Minority SafePack (nach bhfuil ar fáil go fóill)

---

*Is faisnéis neamhspleách an fhaisnéis a thugtar agus ní féidir a mheas gurb ionann í agus tuairim de chuid an Choimisiúin Eorpaigh nó de chuid institiúid AE nó institiúid náisiúnta ar bith eile. Ní féidir freagracht a chur ar an gCoimisiún as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá anseo*